

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
SCRÚDÚ NA CÉAD BLIANA: SAMRADH 2003**

**HI252: FADHBANNA I STAIR NA hÉIREANN
1580-1700**

**Paul Bew
Nicholas Canny
Bernadette Cunningham**

**Am a cheadaítear: DHÁ uair an chloig
Freagair TRÍ cheist**

1. An gceapann tú go bhfuil sé bailí labhairt ar choncas Eilíseach ar Éirinn le linn na mblianta 1579-1603?
2. I do bharúil, cad a bhí ar intinn ag an rialtas a bhaint amach nuair a lean siad ar aghaidh le plandáil Uladh i ndiaidh 1610?
3. Pléigh mar a d'éirigh le hEaglais na hÉireann i gcodarsnacht le hEaglais Chaitliceach an Fhrith-Reifeirméisín fréamhú in Éirinn i rith na mblianta roimh 1641.
4. Mínigh cén fáth nach raibh daoine a bhí ag iarraidh leas na bProtastúnach sa tír a dhéanamh, ná iad siúd a bhí ar son leas Chaitlicigh na tíre, sásta le Thomas Wentworth (Iarla Stafford, 1640) mar ghobharnóir ar Éirinn.
5. Cad a bhí i gComhdháil Chill Chainnigh? Mínigh an fáth ar bunaíodh í agus pléigh na nithe a d'éirigh léi agus nár éirigh léi a bhaint amach.
6. Scríobh breithmheas criticiúil ar an mbaint a bhí ag an Ard-Easpag J.B. Rinuccini, mar Nuinteas an Phápa, le hÉirinn i 1645-9.
7. Cén fáth ar thug Oliver Cromwell cuairt ar Éirinn? Pléigh na cuspóirí ar chinn rialtas Chromail orthu d'Éirinn agus na hiarmhairtí buana a bhain leo.
8. Cén fáth a raibh réimeas Rí Séamas II conspóideach, go fiú in Éirinn, nuair a d'éirigh go réasúnta maith le réimeas a dhearthár, Rí Séarlas II?
9. Mínigh déine na bpéindlíthe, a cuireadh i bhfeidhm i rith réimeas Liam, Mháire agus Bhanríon Áine, in aghaidh chleachtadh an Chaitliceachais in Éirinn.